BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 287, pointe 19 – Scéim díolúine CBL do dhaoine inchánach beaga – Cleachtas éagórach trí chuideachta nua a chruthú)

I gCás C-171/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Upravni sud u Zagrebu (Cúirt Riaracháin Ságrab, an Chróit), trí bhreith an 9 Márta 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 20 Márta 2023, sna himeachtaí

UP CAFFE d.o.o.

v

Minisarstvo financija Republike Hrvatske,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei, J.-C. Bonichot (Rapóirtéir), S. Rodin agus L. S. Rossi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– UP CAFFE d.o.o., ag D. Galić, odvjetnica

– Rialtas na Cróite, ag G. Vidović Mesarek, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag J. Jokubauskaitė agus M. Mataija, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 16 Bealtaine 2024,

an Breithiúnas seo a leanas

* Teanga an cháis: an Chróitis.

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú leis an léiriú atá le déanamh ar Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1), arna leasú le Treoir (AE) 2016/856 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016 (IO 2016 L 142, lch. 12) ('an Treoir maidir le CBL'), agus le prionsabal an toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí dlíthíochta idir UP CAFFE d.o.o., cuideachta de chuid na Cróite, agus Minisarstvo financija Republike Hrvatske (Aireacht Airgeadais Phoblacht na Cróite), maidir le cinneadh lena n-éilíonn an dara páirtí sin íocaíocht ar mhéid cánach breisluacha ('CBL') áirithe ó UP CAFFE.

An dlí

Dlí an Aontais

3 Foráiltear mar seo a leanas leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 285 den Treoir maidir le CBL:

'Féadfaidh na Ballstáit nár fheidhmigh an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 14 [den Dara] Treoir 67/228/CEE [ón gComhairle an 11 Aibreán 1967 maidir le comhchuibhiú reachtaíocht na mBallstát i dtaca le cánacha láimhdeachais – Struchtúr agus nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm an chomhchórais cánach breisluacha (IO 71, 14.4.1967, lch. 1303).] daoine inchánach nach mó a láimhdeachas bliantúil ná EUR 5 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta a dhíolmhú ó cháin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 De réir Airteagal 287 den Treoir maidir le CBL:

'Féadfaidh Ballstáit a d'aontaigh tar éis an 1 Eanáir 1978 daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná coibhéis na méideanna seo a leanas san airgeadra náisiúnta ag an ráta comhshó ar lá a n-aontachais a dhíolmhú:

[...]

19) an Chróit: EUR 35 000.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1768 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2017 lena n-údaraítear do Phoblacht na Cróite beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 den Treoir [maidir le CBL] (IO 2017 L 250, lch. 71):

'De mhaolú ar Airteagal 287(19) [den Treoir maidir le CBL], údaraítear don Chróit daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná EUR 45 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta ag an ráta comhshó ar lá a haontachais a dhíolmhú ó CBL.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear leis an dara fomhír d'Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2017/1768 go bhfuil feidhm ag an gCinneadh sin ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2020, nó go dtí teacht i bhfeidhm treorach lena leasaítear na forálacha d'Airteagail 281 go 294 den Treoir maidir le CBL, cibé dáta acu is túisce.

Dlí na Cróite

7 Foráiltear le hAirteagal 9 den Opći porezni zakon (An Dlí Cánach Ginearálta) *Narodne novine*, br. 115/16 agus 106/18), dar teideal 'Oibleagáid an mheoin mhacánta':

'(1) Tá sé d'oibleagáid ar na páirtithe i gcaidreamh dlí cánach gníomhú de mheon macánta.

'(2) Ciallaíonn gníomhú de mheon macánta gníomhú le hionracas agus macántacht, i gcomhréir leis an dlí.

(3) Forordóidh an tAire Airgeadais, le reachtaíocht, na ceanglais maidir le gníomh a dhéanamh de mheon macánta.'

8 Faoi Airteagal 11 den Dlí sin, déanfar teagmhais inchánacha 'a bhunú ar bhonn a substainte eacnamaíche'.

9 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 90 den Zakon o porezu na dodanu vrijednost (Dlí maidir le CBL) (*Narodne novine*, br. 77/13):

'(1) Chun críocha an Dlí seo, ciallaíonn "duine inchánach beag" duine dlítheanach a bhfuil a oifig chláraithe nó a bhuanbhunaíocht aige, nó duine nádúrtha a bhfuil a sheoladh buan aige nó a bhfuil gnáthchónaí air sa chríoch náisiúnta, nár mhó a sholáthairtí earraí nó seirbhísí le linn na bliana féilire roimhe sin nó na bliana féilire reatha ná [Kuna na Cróite (HRK)] 300 000 [thart ar EUR 39 000].

(2) Beidh an duine inchánach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo díolmhaithe ó CBL ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí, ní bheidh sé i dteideal CBL a thaispeáint ar shonraisc arna n-eisiúint agus ní bheidh sé i dteideal cáin dlite a asbhaint.'

Cúlra na díospóide agus an cheist a tharchuirtear

10 Déanann UP CAFFE, atá bunaithe sa Chróit, gníomhaíochtaí lónadóireachta.

11 An 17 Deireadh Fómhair 2018, d'eisigh údaráis chánach na Cróite measúnú cánach i gcoinne UP CAFFE, don tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Iúil 2018, maidir le méid CBL de HRK 138 234.02 (thart ar EUR 18 000), mar aon le suim HRK 2 425.12 (thart ar EUR 320) de bhun ús mainneachtana ('an measúnú cánach atá i gceist').

12 De réir an ordú tarchuir, tá an measúnú cánach atá i gceist bunaithe ar thorthaí cigireachta cánach lena suitear go mbeadh foirmiú UP CAFFE mar chuid de phleanáil ionsaitheach cánach, a bhfuil sé mar aidhm léi tairbhe na scéime díolúine CBL dá bhforáiltear in Airteagal 90 den Dlí maidir le CBL a choinneáil, a mbaineann SS-UGO d.o.o. tairbhe aisti, atá bunaithe sa Chróit freisin, do ghníomhaíocht lónadóireachta, a bheadh ar bun ag an gcuideachta sin, i ndáiríre. Bhí an t-údarás cánach Crótach den tuairim nach raibh aon chur isteach ar ghníomhaíocht SS-UGO agus go

bhfuil foirmiú na cuideachta nua, UP CAFFE, samhailteach i ndáiríre. Dá bhrí sin, rinneadh foráil sa mheasúnú cánach atá i gceist maidir le CBL a bheith dlite ag UP CAFFE i ndáil leis an ngníomhaíocht sin agus maidir leis an gceart CBL atá dlite nó íoctha ar an ngníomhaíocht sin a asbhaint a aithint.

13 Chuir UP CAFFE i gcoinne dhlíthiúlacht an mheasúnaithe cánach atá i gceist os comhair na cúirte a rinne an tarchur, eadhon Upravni sud u Zagrebu (Cúirt Riaracháin Ságrab, an Chróit).

14 Sonraíonn an chúirt sin nár glacadh na forálacha náisiúnta lena gceadófaí CBL a fhorchur ar UP CAFFE mar gheall ar mhí-úsáid ceart go dtí tar éis na tréimhse cánach atá i gceist sna príomhimeachtaí agus go dtoirmisctear leis an Ustav Repubike Hrvatske (Bunreacht Phoblacht na Cróite) é a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach.

15 Ní léir, áfach, an féidir leis na húdaráis chánach Chrótacha brath go díreach ar phrionsabal ginearálta dhlí an Aontais maidir le toirmeasc ar chleachtais mhí-úsáideacha chun údar a thabhairt le forchur den sórt sin, ag féachaint do na prionsabail a eascraíonn ó bhreithiúnas an 18 Nollaig 2014, Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile (C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455). Tugann sí faoi deara, áfach, go bhfuil imthosca an cháis atá faoina bráid éagsúil áfach, ó na himthosca atá i gceist sna cásanna ba chúis leis an mbreithiúnas sin, a mhéid nach mbaineann an díospóid sna himeachtaí atá faoina bráid leis an gceart CBL a asbhaint, a dhíolmhú ná a aisíoc ach le tairbhe scéime díolúine ó CBL.

16 Sna himthosca sin, chinn Upravni sud u Zagrebu (Cúirt Riaracháin Ságrab), bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An bhforchuirtear oibleagáid le dlí an Aontais ar na húdaráis náisiúnta agus ar na cúirteanna dliteanas i leith cáin bhreisluacha a chinneadh (agus gan éileamh ar aisíocaíocht a dhiúltú) i gcás ina léirítear le [fíorais] oibiachtúla an cháis go ndearnadh calaois CBL trí chuideachta nua a chruthú, is é sin le rá, trí chur isteach ar leanúnachas ghníomhaíocht inchánach na cuideachta roimhe sin, i gcás ina raibh a fhios ag an duine inchánach, nó inar cheart go mbeadh a fhios aige, go raibh sé rannpháirteach i ngníomhaíocht den sórt sin, agus i gcás, tráth a tharla an teagmhas inmhuirir, nach ndearna an dlí náisiúnta foráil maidir le cinneadh dliteanais den chineál sin?'

An cheist a tharchuirtear

17 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear le hAirteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais ar an gcúirt a rinne an tarchur, d'fhonn léiriú ar dhlí an Aontais a chumasú a bheidh úsáideach don díospóid sna príomhimeachtaí, comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na gceisteanna atá á gcur aici a shainiú nó ar a laghad míniú a thabhairt ar na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe.

18 Sa chás seo, ní thagraítear go sonrach sa cheist a tharchuirtear don fhoráil de dhlí an Aontais nach mór a léiriú.

19 Thairis sin, is cosúil nach bhfuil Airteagal 285 den Treoir maidir le CBL, dá dtagraíonn UP CAFFE agus Rialtas na Cróite araon, ina mbarúlacha i scríbhinn, ábhartha do na príomhimeachtaí, i bhfianaise na bhfíoras a leagtar amach san ordú tarchuir.

20 Ós rud é go bhforáiltear le forálacha dhlí na Cróite lena dtrasuitear an Treoir maidir le CBL – a chuirtear i bhfeidhm sna príomhimeachtaí – d'uastheorainn chun díolúine CBL suas le HRK 300 000 [thart air EUR 39 000], dealraíonn sé *a priori*, nach iad forálacha ábhartha na Treorach maidir le CBL Airteagal 285 den Treoir sin, lena bhforáiltear do thairseach díolúine EUR 5 000, ach, mar a thugann an Coimisiún Eorpach le fios ina bharúlacha i scríbhinn, Airteagal 287(19) den Treoir sin, lena bhforáiltear go bhféadfaidh Poblacht na Cróite uastheorainn díolúine ó CBL EUR 35 000 a chur i bhfeidhm, a méadaíodh go EUR 45 000, le linn na tréimhse cánach atá i gceist sna príomhimeachtaí, le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2017/1768.

21 Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go dtagraítear, le foclaíocht na ceiste a tarchuireadh, do chás calaoise, gur léir ón bhfaisnéis a sholáthraítear leis an ordú tarchuir go mbaineann an cheist a ardaíodh sa chás sin, i ndáiríre, le prionsabal an toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha.

22 Dá bhrí sin, ag féachaint do thoimhde ábharthachta na gceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú maidir le dlí an Aontais agus don fhíoras go bhfuil an t-ábhar fíorasach agus dlíthiúil is gá os comhair na Cúirte chun freagra úsáideach a thabhairt ar an gceist a cuireadh faoina bráid (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Meitheamh 2024, Ilva agus páirtithe eile, C-626/22, EU:C:2024:542, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear), ní mór a mheas, trína ceist, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal an toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha, a léiriú sa chaoi, nuair a shuitear gur cleachtas mí-úsáideach é cuideachta a chruthú atá beartaithe chun tairbhe na scéime díolúine ó CBL a choinneáil – dá bhforáiltear in Airteagal 287(19) den Treoir sin – maidir le gníomhaíocht a rinne cuideachta eile roimhe sin, faoin scéim sin, go gceanglaítear leis an Treoir sin nach féidir leis an gcuideachta arna cruthú ar an gcaoi sin, dá bhrí sin, tairbhe a bhaint as an scéim úd, fiú in éagmais forálacha sonracha lena dtoirmisctear cleachtais mhí-úsáideacha den sórt sin sa dlíchóras náisiúnta.

23 Ar an gcéad dul síos, leanann sé ó chásdlí socair na Cúirte go nglactar leis, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé mar thoradh ar chinneadh maidir le cleachtas mí-úsáideach i réimse CBL a bheith ag tarlú, in ainneoin chur i bhfeidhm foirmiúil na gcoinníollacha a leagtar síos le forálacha ábhartha na Treorach maidir le CBL agus na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin, go bhfaightear buntáiste cánach a mbeadh a dheonú contrártha don chuspóir atá á shaothrú leis na forálacha sin agus, ar an dara dul síos, go leanann sé ó shraith fíoras oibiachtúil gurb é aidhm bhunriachtanach an idirbhirt sin buntáiste cánach a fháil. Níl an toirmeasc ar chleachtais mhí-úsáideacha ábhartha i gcás ina bhféadfadh údar a bheith leis na hidirbhearta atá i gceist seachas buntáistí cánach a fháil amháin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Feabhra 2006, *Halifax agus páirtithe eile*, (C-255/02, EU:C:2006:121, míreanna 74 agus 75).

24 Maidir le forálacha na Treorach maidir le CBL a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar do mhí-úsáid den sórt sin, is gá, sa chás seo, an ceart chun tairbhe a bhaint as an scéim díolúine ó CBL dá bhforáiltear in Airteagal 287(19) den Treoir sin a chur san áireamh iontu, ós rud é gur fheidhmigh Poblacht na Cróite an rogha chun an scéim sin a chur i bhfeidhm.

25 Chinn an Chúirt cheana féin – a mhéid a léirítear an prionsabal ginearálta nach bhféadfaidh aon duine tairbhe mhíchuí nó chalaoiseach a bhaint as na cearta dá bhforáiltear le córas dlí an Aontais le diúltú féideartha tairbhe a bhaint as ceart a eascraíonn ón Treoir maidir le CBL – gur faoi na húdaráis agus na cúirteanna náisiúnta atá sé diúltú den sórt sin a dhéanamh, gan beann ar

an dlí CBL a ndéanann an mhí-úsáid nó an chalaois difear dó (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 46).

26 Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, dá bhrí sin, a chinneadh an raibh an ceart ag na húdaráis chánach Chrótacha a chinneadh gur cleachtas mí-úsáideach a bhí i gceist le UP CAFFE a chruthú, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 23 den bhreithiúnas seo, arb é is aidhm dó tairbhe na scéime díolúine ó CBL dá bhforáiltear sna forálacha náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 287(19) den Treoir maidir le CBL a choinneáil.

27 Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le buntáiste cánach a fháil a mbeadh a dheonú i gcontrárthacht leis na cuspóirí a shaothraítear leis an scéim díolúine ó CBL dá bhforáiltear in Airteagal 287(19) den Treoir maidir le CBL, go bhfágtar, leis an scéim sin, gur féidir, trí na simplithe riaracháin atá i gceist léi, cruthú, gníomhaíocht agus iomaíochas gnóthas beag a neartú agus caidreamh réasúnta a choinneáil idir na hualaí riaracháin a bhaineann le rialú cánach agus an t-ioncam íseal cánach a mbeifí ag súil leis. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leis an scéim an cúram a bhaineann le hualaí riaracháin den sórt sin a bhaint de ghnólachtaí beaga agus d'údaráis riaracháin chánach araon (breithiúnas an 9 Iúil 2020, *AJPF Caraş-Severin agus DGRFP Timişoara*, C-716/18, EU:C:2020:540, mír 40).

28 Dá bhrí sin, má bhunaítear cuideachta chun tairbhe na scéime díolúine ó CBL – dá bhforáiltear in Airteagal 287(19) den Treoir maidir le CBL – a choinneáil le haghaidh gníomhaíocht ar cosúil go ndearna cuideachta eile í roimhe sin, tráth a scoir an chuideachta sin de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha is gá chun tairbhe a bhaint as an scéim sin, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fháil amach, ní chomhlíonfaí na cuspóirí atá á saothrú leis an scéim sin trí bhuntáiste cánach den sórt sin a dheonú.

29 Ar an dara dul síos, maidir leis na hiarmhairtí dlí atá le baint i gcás ina gcinntear go ndearnadh mí-úsáid den sórt sin, leanann sé ó chásdlí socair gur cuspóir é cosc a chur ar chalaois cánach, imghabháil cánach agus mí-úsáid cánach a aithnítear agus a spreagtar leis an Treoir maidir le CBL (féach, de réir analaí, breithiúnais an 21 Feabhra 2006, *Halifax agus páirtithe eile*, C-255/02, EU:C:2006:121, mír 71, agus an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 42).

30 Mar is léir ó mhír 25 den bhreithiúnas seo, is faoi na húdaráis náisiúnta agus na cúirteanna náisiúnta atá sé tairbhe na scéime díolúine ó CBL dá bhforáiltear in Airteagal 287(19) den Treoir maidir le CBL a dhiúltú má shuitear, i bhfianaise fíorais oibiachtúla, go bhfuiltear ag brath go míchuí ar chur i bhfeidhm na scéime sin.

31 Maidir leis an bhfíoras, dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur ina ceist, nach leagtar síos forálacha sonracha sa dlí náisiúnta a bhaineann leis an toirmeasc ar chearta a mhí-úsáid, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, gur faoin gcúirt náisiúnta atá sé an dlí náisiúnta a léiriú a mhéid is féidir i bhfianaise fhoclaíocht agus chuspóir na Treorach maidir le CBL, chun an toradh a shaothraítear leis an Treoir sin a bhaint amach, lena gceanglaítear uirthi gach rud a thagann faoina dlínse a dhéanamh agus í ag cur iomlán an dlí náisiúnta san áireamh agus ag cur na modhanna léiritheacha a aithníonn an chúirt sin i bhfeidhm (féach, de réir analaí, breithiúnas an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 52).

32 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a shuíomh, sa dlí náisiúnta, an bhfuil foráil nó prionsabal ginearálta ann, ar dá réir a thoirmisctear mí-úsáid ceart nó forálacha eile a bhaineann le calaois cánach nó imghabháil cánach a d'fhéadfaí a léiriú i gcomhréir le ceanglais dhlí an Aontais maidir leis an gcalaois cánach a chomhrac (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 53 mar aon leis an gcásdlí dá dtagraítear).

33 Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh, mar a mholann an Coimisiún, an bhféadfaí, in aon chás, diúltú den sórt sin a bhunú ar an léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais atá ar Airteagal 9 nó Airteagal 11 den Dlí Ginearálta Cánach.

34 Ar an dara dul síos, agus in aon chás, má thagann sé chun solais nach bhfuil rialacha den sórt sin i ndlí na Cróite ar féidir iad a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, ní féidir a thuiscint go gcuirfí cosc ar na húdaráis náisiúnta agus ar na cúirteanna ceanglais na Treorach maidir le CBL a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, an buntáiste a eascraíonn ó cheart dá bhforáiltear leis an Treoir sin a dhiúltú i gcás cleachtas mí-úsáideach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 54).

35 Go bunúsach, más rud é, de réir cásdlí socair, nach féidir oibleagáidí a fhorchur ar dhuine aonair le treoir aisti féin agus, dá bhrí sin, nach féidir leis an mBallstát brath uirthi mar sin ina choinne, ní thagann diúltú tairbhe a bhaint as ceart mar thoradh ar chleachtas mí-úsáideach faoi raon feidhme na gcúinsí a bhí ar intinn ag an gCúirt leis an gcásdlí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 55).

36 Tá diúltú dá leithéid ina fhreagra ar an bprionsabal, dá dtagraítear i mír 25 den bhreithiúnas seo, nach bhféadfadh aon duine brath go míchuí ar rialacha dhlí an Aontais, ós rud é nach féidir a gcur i bhfeidhm a leathnú chun cleachtais mhí-úsáideacha a chumhdach (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 56, agus an 22 Samhain 2017, *Cussens agus páirtithe eile*, C-251/16, EU:C:2017:881, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Dá bhrí sin, a mhéid nach féidir le gníomhartha mí-úsáideacha a bheith ina mbunús le ceart dá bhforáiltear i ndlíchóras an Aontais, ní hionann diúltú buntáiste faoin Treoir maidir le CBL, sa chás seo, agus oibleagáid a fhorchur ar an duine aonair lena mbaineann faoin Treoir sin, ach níl ann ach toradh ar an gcinneadh nach gcomhlíontar i ndáiríre na coinníollacha oibiachtúla is gá chun an buntáiste atá á lorg a fháil – a leagtar síos leis an Treoir sin maidir leis an gceart sin – agus, dá bhrí sin, níl bunús dlí sonrach ag teastáil le diúltú den sórt sin (féach, de réir analaí, breithiúnais an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 57, agus an 22 Samhain 2017, *Cussens agus páirtithe eile*, C-251/16, EU:C:2017:881, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Dá réir sin, i gcás den sórt sin, ní féidir leis an duine inchánach brath ar cheart dá bhforáiltear sa Treoir maidir le CBL, na critéir oibiachtúla maidir le deonú nach gcomhlíontar mar gheall ar chleachtas mí-úsáideach a dhéanann difear don idirbheart a dhéanann an duine inchánach féin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 58). Eascraíonn as sin, i gcás cleachtas mí-úsáideach a bhfuil sé beartaithe leis tairbhe a bhaint as an scéim díolúine ó CBL dá bhforáiltear in Airteagal 287(19) den Treoir maidir le CBL, gur faoi na húdaráis

náisiúnta agus na cúirteanna náisiúnta atá sé an tairbhe sin a dhiúltú, fiú in éagmais forálacha náisiúnta sonracha chuige sin (féach, de réir analaí, breithiúnais an 18 Nollaig 2014, *Schoenimport 'Italmoda' Mariano Previti agus páirtithe eile*, C-131/13, C-163/13 agus C-164/13, EU:C:2014:2455, mír 62, agus an 22 Samhain 2017, *Cussens agus páirtithe eile*, C-251/16, EU:C:2017:881, mír 33).

39 Thairis sin, ní chuirtear an cinneadh sin ó bhail le breithiúnas an 5 Iúil 2007, Kofoed (C-321/05, EU:C:2007:408), ar a bhfuil UP CAFFE ag brath chun a éileamh, mar sin féin, go bhfuil gá le forálacha náisiúnta sonracha maidir le mí-úsáid ceart mar bhonn chun an scéim díolúine ó CBL a dhiúltú. I míreanna 38 agus 48 den bhreithiúnas sin, níor rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais maidir leis na coinníollacha chun prionsabal an toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha a chur i bhfeidhm, ach maidir leis na coinníollacha d'fhoráil shonrach atá i dtreoir lena gceadaítear do na Ballstáit an díolúine dá bhforáiltear leis an treoir sin a dhiúltú, i gcás ina bhfuil sé mar phríomhchuspóir ag an idirbheart lena mbaineann, nó i gcás ina bhfuil calaois cánach nó imghabháil cánach ar cheann dá phríomhchuspóirí. Ina theannta sin, cé gur leag an Chúirt Bhreithiúnais béim, i mír 48 den bhreithiúnas sin, ar rialacha an dlí náisiúnta a bheith ann maidir le mí-úsáid ceart, calaois cánach nó imghabháil cánach a d'fhéadfaí a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, baineann an cásdlí sin leis an bhforáil sin den reachtaíocht tháinisteach agus, dá bhrí sin, níl sé infheidhme maidir le prionsabal ginearálta an toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Samhain 2017, Cussens agus páirtithe eile, C-251/16, EU:C:2017:881, mír 38).

40 Ar deireadh, ba cheart a lua freisin, i gcás cleachtais mhí-úsáideacha, nach mór na hidirbhearta lena mbaineann a athshainmhíniú ar bhealach lena n-athbhunófaí an staid a bheadh ann in éagmais na n-idirbheart arb iad an cleachtas mí-úsáideach sin iad agus nár cheart don athaicmiú sin, áfach, dul thar a bhfuil riachtanach chun bailiú ceart CBL a áirithiú agus chun calaois a chosc (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Feabhra 2006, *Halifax agus páirtithe eile*, C-255/02, EU:C:2006:121 míreanna 92, 94 agus 98; agus an 22 Nollaig 2010, *Weald Leasing*, C-103/09, EU:C:2010:804, míreanna 48 agus 52, agus an 22 Samhain 2017, *Cussens agus páirtithe eile*, C-251/16, EU:C:2017:881, mír 46).

41 Shonraigh an Chúirt freisin go mbaineann cur i bhfeidhm phrionsabal an toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha i réimse CBL, ar an gcéad dul síos, leis an gcás a chinneadh mar a bheadh sé ann in éagmais na n-idirbheart ar cleachtas den sórt sin iad agus, ina dhiaidh sin, measúnú a dhéanamh ar an gcás 'athaicmithe' sin i bhfianaise fhorálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus na Treorach maidir le CBL (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2017, Cussens agus páirtithe eile, (C-251/16, EU:C:2017:881, mír 47).

42 Sa chás seo, tugtar le tuiscint leis na prionsabail sin, ar a laghad, gur chóir go mbeadh an chuideachta arb ionann a cruthú agus cleachtas mí-úsáideach faoi réir CBL a bheadh infheidhme in éagmais mí-úsáid den sórt sin agus, thairis sin, má chomhlíontar na coinníollacha, go bhfuil an ceart aici CBL atá dlite nó íoctha a bhaineann leis an ngníomhaíocht a dhéanann sí a asbhaint, rud é sin ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh.

43 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal an toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha, a léiriú sa chaoi, nuair a shuitear gur cleachtas mí-úsáideach é cuideachta a chruthú atá beartaithe chun tairbhe na scéime díolúine ó CBL a choinneáil – dá bhforáiltear in Airteagal 287(19) den Treoir sin – maidir le gníomhaíocht a rinne cuideachta eile roimhe sin,

faoin scéim sin, go gceanglaítear leis an Treoir sin nach féidir leis an gcuideachta arna cruthú ar an gcaoi sin, dá bhrí sin, tairbhe a bhaint as an scéim úd, fiú in éagmais forálacha sonracha lena dtoirmisctear cleachtais mhí-úsáideacha den sórt sin sa dlíchóras náisiúnta.

Costais

44 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Ní mór Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, arna leasú le Treoir (AE) 2016/856 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016, arna léamh i bhfianaise phrionsabal an toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha a léiriú ar chaoi, nuair a shuitear gur cleachtas mí-úsáideach é cuideachta a chruthú atá beartaithe chun tairbhe na scéime díolúine ó cháin bhreisluacha a choinneáil – dá bhforáiltear in Airteagal 287(19) de Threoir 2006/112 – maidir le gníomhaíocht a rinne cuideachta eile roimhe sin, faoin scéim sin, go gceanglaítear leis an Treoir 2006/112 sin nach féidir leis an gcuideachta arna cruthú ar an gcaoi sin, dá bhrí sin, tairbhe a bhaint as an scéim úd, fiú in éagmais forálacha sonracha lena dtoirmisctear cleachtais mhí-úsáideacha den sórt sin sa dlíchóras náisiúnta.

Sínithe